GNÍOMHAIREACHT AN AONTAIS EORPAIGH UM CHIBEARSHLÁNDÁIL

# AN EORAIP A BHFUIL IONTAOIBH AISTI AGUS ATÁ SLÁN Ó THAOBH NA CIBEARSHLÁNDÁLA DE

## Straitéis ENISA

Meitheamh 2020

# AN EORAIP A BHFUIL IONTAOIBH AISTI AGUS ATÁ SLÁN Ó THAOBH NA CIBEARSHLÁNDÁLA DE

GNÍOMHAIREACHT AN AONTAIS EORPAIGH UM CHIBEARSHLÁNDÁIL

# BROLLACH

**Le breis agus 15 bliana anuas, tá ENISA, Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándáil, ag imirt ról lárnach in éascú a dhéanamh ar an uaillmhian ag an Aontas iontaoibh dhigiteach agus slándáil dhigiteach a threisiú ar fud na hEorpa i gcomhar leis na Ballstáit agus le hInstitiúidí agus Gníomhaireachtaí AE. Trí phobail a thabhairt le chéile, rannchuidigh ENISA go rathúil le hullmhacht na hEorpa agus a hacmhainn freagartha a neartú i leith cibirtheagmhas.**

Ag an am céanna, tháinig méadú as cuimse ar dhigitiú ár ngeilleagair agus ár sochaí, rud a chonacthas sa ghéarchéim COVID-19, ar lena linn a bhí sé riachtanach dul i muinín cianréitigh TF ar bhonn comhchoiteann ollmhór chun a lán gníomhaíochtaí a choinneáil ar siúl. Leagadh béim sa ghéarchéim sin ar cé chomh mór is a thagann cibirionsaithe i dtír ar ár spleáchas ar na teicneolaíochtaí sin. Léiríodh inti freisin conas atá tírdhreach na gcibearbhagairtí ag leathnú ó ionsaithe spriocdhírithe chuig cineálacha nua ollbhagairtí ar na milliúin ghnóthas agus saoránach, lena n-áirítear líon méadaitheach teagmhas sofaisticiúil bogearraí éirice. Mar gheall ar a mhire a tháinig siad chun cinn, ba as táirgí digiteacha agus seirbhísí digiteacha amhail an Néalríomhaireacht, físchomhdháil, teicneolaíocht 5G agus intleacht shaorga a tháinig dúshláin nua nach mór a nochtadh agus aghaidh a thabhairt orthu chun cinn.

De bharr an tsainchúraim bhuain agus na gcúraimí breisithe atá air agus de bharr na hacmhainne méadaithe atá aige, is mó anois ná riamh an príomhról atá le himirt ag ENISA i gcabhrú leis an Aontas agus lena Bhallstáit coinneáil suas leis na dúshláin sin, agus ré nua ag teacht ar an gcibearshlándáil san Eoraip.

Chun déanamh amhlaidh, féachfaidh ENISA le treochtaí ábhartha a réamh-mheas agus le saineolas úrscothach agus eolas úrscothach a thabhairt le chéile agus a chomhroinnt do gach duine. Tacóidh sé leis an gCoimisiún Eorpach agus leis na Ballstáit agus iad ag cabhrú le gníomhaithe poiblí agus príobháideacha agus le saoránaigh rioscaí na gcibirtheagmhas a chosc agus a bhainistiú. De bharr chur chun feidhme an chreata deimhniúcháin cibearshlándála, rannchuideoidh ENISA le haistriú paraidíme a bhaint amach trí fheabhas a chur ar leibhéal slándála na réiteach digiteach a úsáidtear san Eoraip. Mar thoradh air sin, méadófar an cumas atá ag gach duine chun roghnú agus chun iontaoibh a bheith acu. Chomh maith leis sin, tabharfaidh an Ghníomhaireacht tacaíocht ghníomhach do phobal oibríochtúil cibearshlándála na hEorpa chun obair i ndlúthchomhar agus ullmhú do fhreagairt le chéile nuair a thiocfaidh an chéad chibirtheagmhas mórscála eile chun cinn san Eoraip.

De réir mar a thugann ENISA faoina ról nua, is iad oscailteacht, lúfaireacht agus iontaofacht na príomhnithe a bhrúfaidh a oibríochtaí laethúla chun cinn, agus é ag obair i ndlúthchomhar leis na Ballstáit agus leis an gCoimisiún Eorpach ar mhaithe leis na cineálacha cur chuige a ghlacfar a ailíniú. Féachfaidh ENISA freisin leis an tionchar atá aige ar an gcomhshaol a laghdú i gcomhthéacs na géarchéime leanúnaí aeráide agus lena bheith ina thimpeallacht oibre atá freagrach ón taobh sóisialta de agus cuimsitheach.

Sa doiciméad Straitéise seo, a cuireadh le chéile trí pháirt a thabhairt i bpróiseas comhoibríoch cuimsitheach do gach ball d’fhoireann ENISA agus do na comhaltaí dá Bhord Bainistíochta agus dá Ghrúpa Comhairleach, socraítear na cuspóirí soiléire lena dtreorófar obair ENISA sna blianta atá le teacht chun an iliomad dúshlán atá roimhe a shárú.

Thar ceann an Bhoird Bhainistíochta

**Jean-Baptiste Demaison**
Cathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta

**Krzysztof Silicki**
Leas-Chathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta

# FÍS

**An Eoraip a bhfuil iontaoibh aisti agus atá slán ó thaobh na cibearshlándála de**

# MISEAN

Tá sé mar mhisean ag Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándáil (ENISA) ardleibhéal comhchoiteann cibearshlándála a bhaint amach ar fud an Aontais i gcomhar leis an mórphobal. Déanann ENISA amhlaidh trí ghníomhú mar lárionad saineolais ar an gcibearshlándáil, agus comhairle theicniúil agus cabhair theicniúil ar ardchaighdeán maidir leis an gcibearshlándáil á mbailiú agus á dtabhairt aige do na Ballstáit agus do chomhlachtaí AE. Rannchuidíonn sé le beartais chibearshlándála an Aontais a fhorbairt agus a chur chun feidhme.

Tá sé mar aidhm againn an iontaoibh as an ngeilleagar nasctha a neartú, athléimneacht bhonneagar agus sheirbhísí an Aontais agus an iontaoibh astu a threisiú agus ár sochaí agus ár saoránaigh a choinneáil slán ón taobh digiteach de. Ba mhaith linn a bheith inár n-eagraíocht atá lúfar agus freagrach ó thaobh an chomhshaoil de agus ón taobh sóisialta de agus atá dírithe ar an duine.

# LUACHANNA

**Dearcadh Pobail**
Oibríonn ENISA le pobail, agus a gcuid inniúlachtaí agus saineolais á n-urramú aige, agus cothaíonn sé sineirgí agus iontaoibh chun cur ar a chumas a mhisean a chomhlíonadh ar an mbealach is fearr is féidir.

**Sármhaitheas**
Féachann ENISA le saineolas úrscothach a sholáthar ina chuid oibre, seasann sé leis na caighdeáin oibriúcháin is airde is féidir agus déanann sé meastóireacht ar a fheidhmíocht chun dianiarracht a dhéanamh feabhas leanúnach a bhaint amach trí nuálaíocht agus trí fhadbhreathnaitheacht.


**Ionracas/eitic**
Seasann ENISA le prionsabail eiticiúla agus le rialacha agus oibleagáidí ábhartha AE ina chuid seirbhísí agus ina thimpeallacht oibre, agus cothroime agus cuimsitheacht á n-áirithiú aige.

**Meas**
Urramaíonn ENISA cearta agus luachanna bunúsacha na hEorpa i ngach ceann dá chuid seirbhísí agus ina thimpeallacht oibre, mar aon le hionchais a gheallsealbhóirí freisin.

**Freagracht**
Glacann ENISA freagracht, rud a áirithíonn go gcomhtháthaítear na gnéithe sóisialta agus comhshaoil isteach i gcleachtais agus i nósanna imeachta.

**Trédhearcacht**
Glacann ENISA nósanna imeachta, struchtúir agus próisis atá oscailte, fíorasach agus neamhspleách, rud a fhágann go sriantar claonadh, débhrí, calaois agus doiléire.

# CUSPÓIRÍ STRAITÉISEACHA



# CS1

Cuspóir straitéiseach

# POBAIL ATÁ CUMHACHTAITHE AGUS GAFA AR FUD AN ÉICEACHÓRAIS CHIBEARSHLÁNDÁLA

## Comhthéacs

Freagracht chomhroinnte is ea an chibearshlándáil. Déanann an Eoraip dianiarracht creat comhair trasearnála lánchuimsitheach a chruthú. Imríonn ENISA ról lárnach i gcomhar gníomhach a spreagadh idir na geallsealbhóirí cibearshlándála sna Ballstáit agus in institiúidí agus gníomhaireachtaí AE. Déanann sé dianiarracht comhlántacht iarrachtaí comhchoiteanna a áirithiú trí aird a thabhairt ar na geallsealbhóirí, trí shineirgí a fhiosrú agus trí úsáid éifeachtach a bhaint as an saineolas teoranta agus na hacmhainní teoranta atá ann i réimse na cibearshlándála. Ba cheart pobail a chumhachtú an tsamhail cibearshlándála a uas-scálú.

## Na nithe ba mhaith linn a bhaint amach

- Corpas úrscothach eolais ar fud an AE ar choincheapa agus cleachtais i réimse na cibearshlándála, ar corpas é lena gcothófar comhar i measc na bpríomhghníomhaithe sa chibearshlándáil, lena gcuirfear na ceachtanna arna bhfoghlaim agus saineolas AE chun cinn agus lena gcruthófar sineirgí nua.
- Éiceachóras cibearshlándála cumhachtaithe a chuimseoidh údaráis na mBallstát, institiúidí, gníomhaireachtaí agus comhlachtaí an Aontais, comhlachais, lárionaid taighde agus ollscoileanna, an lucht tionscail, gníomhaithe príobháideacha agus saoránaigh, áit a ndéanfaidh siad uile a gcion féin ar son an Eoraip a dhéanamh slán ó thaobh na cibearshlándála de;

# CS2

## Cuspóir straitéiseach

“

# AN CHIBEARSHLÁNDÁIL A BHEITH INA CUID DHÍLIS DE BHEARTAIS AN AONTAIS

## Comhthéacs

Is í an chibearshlándáil an bhunchloch le haghaidh an bhunathraithe dhigitigh agus tá gá léi sna hearnálacha uile, rud a fhágann nach mór í a chur san áireamh i raon leathan réimsí beartais agus tionscnamh beartais. Níor cheart é a fhágáil faoi shainphobal saineolaithe cibearshlándála teicniúla agus faoi sin amháin dul i ngleic leis an gcibearshlándáil. Ní mór an chibearshlándáil a leabú ar fud gach réimse de bheartas an Aontais, dá bhrí sin. Ní mór ilroinnt a sheachaint agus cur chuige comhleanúnach a ghlacadh, agus aird á tabhairt ar na nithe atá sonrach do gach earnáil.

## Na nithe ba mhaith linn a bhaint amach

- Comhairle réamhghníomhach agus tacaíocht réamhghníomhach do gach gníomhaí ábhartha ar leibhéal an Aontais, agus gné na cibearshlándála á tabhairt isteach sa timthriall forbartha beartais trí threoirlínte teicniúla atá inmharthana agus spriocdhírithe;
- Creataí bainistíochta riosca cibearshlándála a bheidh i bhfeidhm ar fud gach earnála agus a gcloífear leo fud fad an timthrialla forbartha beartais chibearshlándála.

# CS3

## Cuspóir straitéiseach

COMHAR ÉIFEACHTACH I MEASC GNÍOMHAITHE OIBRÍOCHTÚLA LAISTIGH DEN AONTAS I GCÁS CIBIRTHEAGMHAS OLLMHÓR

## Comhthéacs

Ní bheifear in ann tairbhí an gheilleagair dhigitigh Eorpaigh agus na sochaí digití Eorpaí a bhaint amach ina n-iomláine mura mbíonn aon chibearshlándáil ann. Ní dhéanann teorainneacha aon difear do chibirionsaithe. Is féidir difear a dhéanamh do gach ciseal den tsochaí agus ní mór don Aontas bheith réidh le freagairt do chibirionsaithe ollmhóra (mórscála agus trasteorann) agus do ghéarchéimeanna cibearshlándála. Tá idirspleáchais trasteorann mar fhianaise ar an ngá atá le comhar éifeachtach idir na Ballstáit agus institiúidí an Aontais chun gur féidir freagairt níos gasta agus iarrachtaí a chomhordú go cuí ar gach leibhéal (an leibhéal straitéiseach, an leibhéal oibríochtúil, an leibhéal teicniúil agus an leibhéal cumarsáide).

## Na nithe ba mhaith linn a bhaint amach

- Tacaíocht leanúnach trasteorann agus traschisil do chomhar idir na Ballstáit agus le hinstitiúidí an Aontais. Tacú le comhar teicniúil, oibríochtúil, polaitiúil agus straitéiseach i measc príomhghníomhaithe oibríochtúla a uas-scálú, go háirithe i dtaca le teagmhais mhórscála fhéideartha agus le géarchéimeanna, chun freagairt thráthúil, comhroinnt faisnéise, feasacht ar an staid agus cumarsáid géarchéimeanna a chumasú ar fud an Aontais;
- Láimhseáil theicniúil a bheidh cuimsitheach agus mear arna hiarraidh sin ag na Ballstáit chun riachtanais theicniúla agus oibríochtúla a éascú le linn teagmhais agus géarchéimeanna a bhainistiú.

# CS4

## Cuspóir straitéiseach

# INNIÚLACHTAÍ AGUS ACMHAINNÍ AR THÚS CADHNAÍOCHTA SA CHIBEARSHLÁNDÁIL AR FUD AN AONTAIS

## Comhthéacs

Bíonn minicíocht agus sofaisticiúlacht na gcibirionsaithe ag méadú go tapa agus, ag an am céanna, bíonn úsáid na mbonneagar TFC agus na dteicneolaíochtaí ag daoine aonair, ag eagraíochtaí agus ag tionscail ag méadú go mear. Is mó ná an soláthar an gá atá le heolas agus inniúlachtaí i réimse na cibearshlándála. Ní mór don Aontas infheistiú in inniúlachtaí agus buanna sa chibearshlándáil ar gach leibhéal, ó leibhéal an duine nach saineolaí é/í go leibhéal an ghairmí ardoilte. Ní hé amháin gur cheart na hinfheistíochtaí a úsáid chun díriú ar na scileanna cibearshlándála atá ann sna Ballstáit a mhéadú ach ba cheart iad a úsáid freisin chun a áirithiú go mbeidh ag na pobail oibríochtúla dhifriúla an acmhainneacht chuí chun déileáil leis an tírdhreach cibearbhagartha.

## Na nithe ba mhaith linn a bhaint amach

- Inniúlachtaí, taithí ghairmiúil agus struchtúir oideachais a bheidh ailínithe lena chéile i réimse na cibearshlándála chun freastal ar an ngá a athraíonn de shíor le heolas ar an gcibearshlándáil agus le hinniúlachtaí cibearshlándála san AE;
- Bonnleibhéal méadaithe maidir le feasacht ar an gcibearshlándáil agus maidir le hinniúlachtaí cibearshlándála ar fud an AE, agus an chibearshlándáil á príomhshruthú isteach i ndisciplíní nua;
- Acmhainn dhea-ullmhaithe agus dhea-thástáilte a bhfuil an acmhainn chuí aici chun déileáil leis an timpeallacht bagairtí a bhíonn ag athrú ar fud an Aontais.

# CS5

## Cuspóir straitéiseach

“

# ARDLEIBHÉAL IONTAOIBHE AS RÉITIGH DHIGITEACHA SHLÁNA

## Comhthéacs

Gabhann idir thairbhí agus rioscaí le táirgí digiteacha agus le seirbhísí digiteacha, agus ní mór na rioscaí sin a shainaithint agus a mhaolú. Tá sé ríthábhachtach go nglacfaí cur chuige comhchoiteann le linn slándáil na réiteach digiteach a mheas agus a n-iontaofacht a áirithiú, agus é mar chuspóir leis an chothromaíocht cheart a aimsiú idir riachtanais shochaíocha, riachtanais mhargaidh, riachtanais eacnamaíocha agus riachtanais chibearshlándála. Trí eintiteas neodrach atá ag gníomhú ar bhealach trédhearcach a bheith ann, méadófar an iontaoibh atá ag custaiméirí as réitigh dhigiteacha agus as an mórthimpeallacht dhigiteach.

## Na nithe ba mhaith linn a bhaint amach

- Timpeallacht dhigiteach atá slán ó thaobh na cibearshlándála de ar fud an AE, áit a mbeidh saoránaigh in ann iontaoibh a bheith acu as táirgí, seirbhísí agus próisis TFC trí úsáid a bhaint as scéimeanna deimhniúcháin i bpríomhréimsí teicneolaíochta;

# CS6

Cuspóir straitéiseach

# FADBHREATHNAITHEACHT MAIDIR LE DÚSHLÁIN CHIBEARSHLÁNDÁLA ATÁ AG TEACHT CHUN CINN AGUS A BHEIDH ANN SA TODHCHAÍ

## Comhthéacs

Dá mbainfí úsáid as modhanna fadbhreathnaitheachta, rachfaí chun tairbhe do lear teicneolaíochtaí nua, idir theicneolaíochtaí nach bhfuil ach beagán dul chun cinn déanta orthu agus theicneolaíochtaí atá gar dá nglacadh príomhshrutha. Dá dtabharfaí faoi phróiseas struchtúrtha lena gcumasófaí idirphlé i measc geallsealbhóirí, bheadh cinnteoirí agus déantóirí beartas in ann straitéisí luathmhaolaithe a shainiú lena gcuirfí feabhas ar athléimneacht an AE i leith bagairtí cibearshlándála agus bheadh siad in ann teacht ar réitigh chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin a thagann chun cinn.

## Na nithe ba mhaith linn a bhaint amach

- Tuiscint a ghnóthú ar threochtaí agus patrúin a thagann chun cinn trí úsáid a bhaint as fadbhreathnaitheacht, agus tuiscint a ghnóthú ar chásanna sa todhchaí lena rannchuideofar le dúshláin chibearshlándála ár ngeallsealbhóirí a mhaolú;
- Luathmheasúnú ar na dúshláin agus na rioscaí a eascraíonn as na roghanna a thiocfaidh chun cinn sa todhchaí a ghlacadh agus as cur in oiriúint dóibh, agus obair á déanamh i gcomhar le geallsealbhóirí chun teacht ar straitéisí maolaithe cuí.

# CS7

Cuspóir straitéiseach

“

## FAISNÉIS AGUS EOLAS AR AN GCIBEARSHLÁNDÁIL A BHEITH Á MBAINISTIÚ AR BHEALACH ÉIFEACHTÚIL ÉIFEACHTACH DON EORAIP

## Comhthéacs

Is iad faisnéis agus eolas na tosca is tábhachtaí i réimse na cibearshlándála. Chun go mbeidh gairmithe cibearshlándála in ann ár gcuspóirí a shaothrú go héifeachtúil, obair a dhéanamh i dtimpeallacht a athraíonn de shíor ó thaobh forbairtí digiteacha de agus ó thaobh gníomhaithe de araon chun dúshláin ár linne a shárú, teastaíonn uainn próiseas leanúnach um fhaisnéis agus eolas ar an gcibearshlándáil a bhailiú, a eagrú, a achoimriú, a anailísiú, a chur in iúl agus a choinneáil. Baineann ríthábhacht le gach céim chun a áirithiú go ndéanfar faisnéis agus eolas a chomhroinnt agus a leathnú laistigh d'éiceachóras cibearshlándála an AE.

## Na nithe ba mhaith linn a bhaint amach

- Bainistíocht faisnéise comhroinnte agus eolais chomhroinnte d'éiceachóras cibearshlándála an Aontais i riocht a bheidh inrochtana, saincheaptha, tráthúil agus bainteach, rud lena ngabhfaidh modheolaíocht, bonneagair agus uirlisí a bheidh cuí agus modhanna dearbhaithe cáilíochta chun go gcuirfear feabhas leanúnach ar sheirbhísí.

## MAIDIR LE ENISA

Gníomhaireacht an Aontais atá tiomanta d'ardleibhéal comhchoiteann cibearshlándála a bhaint amach ar fud na hEorpa is ea ENISA, Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándáil. Mar Ghníomhaireacht a bunaíodh sa bhliain 2004 agus a neartaíodh le Gníomh an Aontais um Chibearshlándáil, rannchuidíonn Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándáil le beartas cibearshlándála an Aontais, cuireann sí le hiontaofacht táirgí, seirbhísí agus próiseas TFC trí scéimeanna deimhniúcháin cibearshlándála a reáchtáil, comhoibríonn sí leis na Ballstáit agus le comhlachtaí an Aontais, agus cabhraíonn sí leis an Eoraip ullmhú do dhúshláin chibearshlándála na todhchaí. Trí chomhroinnt eolais, fothú acmhainneachta agus méadú feasachta, oibríonn an Ghníomhaireacht i gcomhar lena príomh-gheallsealbhóirí chun iontaoibh as an ngeilleagar nasctha a neartú, chun athléimneacht bhonneagar an Aontais a threisiú agus, sa deireadh, chun sochaí agus saoránaigh na hEorpa a choinneáil slán ón taobh digiteach de. Is féidir tuilleadh faisnéise faoi ENISA agus faoina chuid oibre a fháil ar www.enisa.europa.eu

TP-02-20-759-GA-N

**ENISA**
Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándáil

**Oifig san Aithin**
1 Vasilissis Sofias Str
151 24 Marousi, Attiki, an Ghréig

**Oifig in Heraklion**
95 Nikolaou Plastira
700 13 Vassilika Vouton, Heraklion, an Ghréig

enisa.europa.eu

9 789292 043537